**M.47T**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000**

# EACNAMAÍOCHT BHAILE (EOLAÍOCH AGUS SÓISIALTA)

## GNÁTHLEIBHÉAL

---

**DÉARDAOIN, 15 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 12.15**

---

(400 marc )

Ní mór **cúig** cheist a fhreagairt.
Ní mór **ceist amháin** a roghnú as **gach** Roinn ar leith, na ceisteanna eile ar rogha an iarrthóra.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

**THALL ®**

Ní mór **cúig** cheist a fhreagairt.
Ní mór **ceist amháin** a roghnú as **gach** Roinn ar leith, na ceisteanna eile ar rogha an iarrthóra.

## ROINN 1 – EOLAÍOCH

1. Mínigh an tábhacht a bhaineann le bianna atá saibhir in iarann, a bheith mar chuid den aiste bia.
   Liostaigh na foinsí iarainn san aiste bia.
   Déan sraith biachlár a dhearadh d'aon lá amháin do dhéagóir ar moladh do/di a (h)iontógáil iarainn a mhéadú.
   Scríobh nóta eolais ar úsáid bhreiseán cothaithe.

2. Tabhair cuntas ar luach cothaitheach agus luach diaitéiteach bainne.
   Déan cur síos ar an modh próiseála a úsaidtear i dtáirgeadh **(i)** bainne paistéartha **nó** **(ii)** bainne triomaithe.
   Luaigh céard is cúis le milleadh bainne agus mínigh conas an milleadh a sheachaint.
   Ag baint úsáide as bainne mar phríomh-chomhábhar, tabhair treoracha iomlána faoi dheoch chothaitheach **nó** milseog chothaitheach a bheadh oiriúnach do pháistí, a ullmhú.

3. Déan cur síos, le cabhair léaráidí lipéadaithe, ar an gcóras riospráide. Déan tagairt do shuíomh agus strúctúr gach cuid.
   Mínigh conas a tharlaíonn malartú gás ins na scámhóga.
   Liostaigh na tosca a théann i bhfeidhm ar an ráta análaithe.

4. Cuir sraith treoirlínte praiticiúla le chéile, ba chóir a leanúint nuair a bhítear ag pleanáil béilí do dhaoine scothaosta.
   Liostaigh **trí** chothaitheach a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo do dhaoine scothaosta agus luaigh cén fáth a bhfuil tábhacht ag baint le gach ceann.
   Tabhair treoracha iomlána faoi mhias phríomhchúrsa, le cion saille íseal, a bheadh oiriúnach do bheirt daoine scothaosta a ullmhú, a chócaráil agus a riar.

## **ROINN II - SÓISIALTA**

5. D'ainneoin an rath eacnamaíoch faoi láthair, tá go leor daoine dífhostaithe fós. Tabhair cúiseanna faoin dífhostaíocht in Éirinn sa lá atá inniu ann agus luaigh na catagóirí daoine is iondúla a bheith gan obair.
Déan cur síos ar éifeachtaí na dífhostaíochta ar **(i)** an duine aonair, **(ii)** an chlann agus **(iii)** an tsochaí.
Déan cur síos ar scéim **amháin** Rialtais, atá ann chun cuidiú le tabhairt faoin dífhostaíocht.

6. Scríobh cuntas eolais ar **dhá cheann** ar bith díobh seo a leanas:
**(i)** na fáthanna agus na héifeachtaí a bhaineann le mí-úsáid alcóil;
**(ii)** na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le maireachtáil uirbeach;
**(iii)** na tosca a théann i bhfeidhm ar ghnóthachtáil oideachasúil.
**(iv)** na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis na meáin chumarsáide.

7. Ainmnigh na cineálacha truailleán uisce is coitianta.
Luaigh an chóir a chuireann údaráis áitiúla ar uisce chun a shábháilteacht le n-ól a chinntiú.
Déan cur síos ar chóras **amháin** téimh uisce d'úsáid ghinearálta i dteach. Léirigh do fhreagra le léaráid lipéadaithe.
Luaigh **(i)** an chúis agus **(ii)** na héifeachtaí a bhaineann le cruas uisce.

8. Breacrianaigh na tosca ginearálta ba chóir a chur san áireamh agus leagan amach cistine nua á dhearadh.
Taispeáin, le cabhair léaráid lipéadaithe, an leagan amach a mholfá don chistin i dteach teaghlaigh.
Déan cur síos ar **(i)** na haonaid stórála, **(ii)** na dromclaí oibre agus **(iii)** na fearais mhóra a roghnófá. Tabhair cúiseanna faoi do rogha

9. Luaigh **(i)** na buntáisti agus **(ii)** na míbhuntáistí a bhaineann le ceannach earraí tí trí úsáid chreidmheasa.
Ainmnigh **trí** chineál creidmheasa atá ar fáil don tomhaltóir agus liostaigh riachtanais ghinearálta chonradh creidmheasa.
Breacrianaigh na buntáistí a bhaineann le **dhá** cheann ar bith díobh seo a leanas:
**(a)** árachas sláinte príobháideach; **(b)** árachas tí; **(c)** Árachas Sóisialta Pá – Choibhneasta. (A.S.P.C.).